



Scéim
Údaráis Áitiúla Dhún na nGall
2010-2013
faoi
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003



Clár

	<u>LTH</u>
1 Cúlra	4
1.1 Réamhrá.....	4
1.2 Ullmhú na Scéime.....	4
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime.....	5
1.4 Custaiméirí agus Cliaint Údaráis Áitiúla Dhún na nGall.....	5
1.5 Réimsí Feidhme Údaráis Áitiúla Dhún na nGall.....	5
1.6 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo.....	6
1.7 Cúlra don Scéim Teanga.....	6
1.8 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn faoin Chéad Sceime.....	6
2 Na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Údaráis Áitiúla Dhún na nGall	9
2.1 Seirbhísí Corparáideacha.....	9
2.2 Pobal, Fiontraíocht agus Seirbhísí Cultúrtha.....	9
2.3 Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta.....	9
2.4 Uisce, Timpeallacht agus Seirbhísí Éigeandála.....	9
2.5 Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Foirgníochta.....	10
2.6 Bóithre agus lompar.....	10
2.7 Airgeadas.....	10
2.8 Comhairlí Baile.....	10
2.9 Príomh-mhodhanna cumarsáide scríofa leis an phobal.....	10
3 Seirbhísí atá ar fáil sa dá theanga oifigiúla san am i láthair	11
3.1 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i nGaeilge.....	11
3.2 Seirbhísí ag feidhmiú go dátheangach.....	11
3.3 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i mBéarla.....	11
4 Seirbhísí Dhátheangacha a fheabhsú	13
4.1 Treoirphrionsabail.....	13
4.2 Cúlra agus Comhthéacs.....	13
4.3 Seirbhísí a fheabhsú ó Oifigí Éagsúla.....	13
4.3.1 Gach Oifig.....	13
<i>Earcaíocht agus Lonnú Foirne</i>	14
<i>Oiliúint agus Forbairt</i>	14
4.3.2 Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith	15
4.3.3 Oifigí agus Seirbhísí eile sa Ghaeltacht	15
4.3.4 Gach Oifig agus Seirbhís eile taobh amuigh den Ghaeltacht.	15

4.4	Córais Faisnéise	16
4.5	Foirmeacha Iarratais.....	17
4.6	Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí.....	17
4.7	Seirbhísí Gutháin.....	18
4.8	Na Meáin Chumarsáide agus Preas-Ráitis.....	18
4.9	Bróisiúir agus Bileoga Eolais.....	18
4.10	Logainmneacha.....	19
4.11	Plean Forbartha Contae Dhún na nGall.....	19
4.12	<i>An Straitéis</i>	19
4.13	Beartais Chothaithe Eile.....	19
5	Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú	21
5.1	Bainisteoirí Sinsearacha.....	21
5.2	An Pobal agus Bail Thofa.....	21
5.3	An Coiste Comhpháirtíochta Contae.....	21
5.4	Oifigeach Forbartha na Gaeilge.....	21
6	An Scéim a Phoibliú.....	22

Scéim Údaráis Áitiúla Dhún na nGall 2010-2013 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Cuid 1: Cúlra

1.1 Réamhrá

Is í seo an dara scéim a d'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Is é príomhchuspóir an Achta ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ón tseirbhís phoiblí ar chaighdeán níos airde.

1.2 Ullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirilínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a d'eisigh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Mheán Fómhair 2004.

D'fhoilsigh Comhairle Chontae Dhún na nGall fógra faoi Alt 13 i mí na Bealtaine 2008, i gcomhar le Comhairlí Baile Bhéal Átha Seanaidh, Leitir Ceanainn, Bhun Dobhráin agus Bhun Cranncha, ag lorg aighneachtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime ó aon pháirtí leasmhar. Tá na haighneachtaí ar fad ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall ag www.ccdhunangall.ie.

Sa doiciméad seo, is é “Na hÚdaráis” nó “Údaráis Áitiúla Dhún na nGall” nó “An Chomhairle” a thugtar ar na húdaráis áitiúla thuasluaite mar ghrúpa, seachas nuair a scríobhtar a mhalairt.

Tacaíonn an scéim seo leis na geallúintí a rinneadh sa chéad Scéim, a tosaíodh in 2005, agus cuireann sí lena bhfuil sa scéim sin.

Cuireann an scéim leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge san am i láthair mar thús. Leagtar amach sa scéim na réimsí ina ndéanfar seirbhísí de chuid Údaráis Áitiúla Dhún na nGall a fheabhsú amach anseo.

Tugtar aird sa scéim seo ar an phróiseas díláraithe atá curtha i gcrích ag Comhairle Contae Dhún na nGall, chomh maith leis na leibhéil éagsúla éilimh agus comhthéacsanna éagsúla ina bhfuil gach ceann dár nIonaid Seirbhísí Pobail agus oifigí eile ag feidhmiú. Díritear go speisialta ar fhorbairt na seirbhísí trí Ghaeilge sna hIonaid sin atá ag freastal ar phobail Ghaeltachta. Ach mar sin féin,

aithníonn Údarás Áitiúla Dhún na nGall go bhfuil pobail Ghaeilge ag fás taobh amuigh den Ghaeltacht, go háirithe de bharr fhorbairt na nGaelscoileanna agus pobail Ghaeloideachais eile.

Tá geallúint sa scéim chomh maith go ndéanfar an t-éileamh ar sheirbhísí, agus an soláthar seirbhísí, a mheas ar bhonn leanúnach, agus a chinntiú go bhfreastlóidh na hÚdarás ar an éileamh seo ar dhóigh phleanáilte, chomhordaithe agus inrochtaineachta. Déanfaidh na hÚdarás leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge a mheas trí iniúchadh a dhéanamh go rialta ar an líon iarratas/fiosrúchán a dhéantar trí Ghaeilge thar thréimhse réamhshocraithe.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn an scéim ar an 1 Iúil 2010, agus fanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go n-aontóidh an tAire scéim úr de réir Alt 15 den Acht, cibé dáta is luaithe.

1.4 Custaiméirí agus Cliant Údarás Áitiúla Dhún na nGall

- Pobail ar fud Chontae Dhún na nGall, ar a n-áirítear pobail Ghaeltachta
- Iarratasóirí ar sheirbhísí faoi scéimeanna éagsúla
- Ranna Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Gnólachtaí
- Údarás áitiúla eile agus údarás réigiúnacha
- Struchtúir an Bhord Forbartha Contae
- Na Páirtneirí Sóisialta agus grúpaí earnála
- Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla
- Na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta
-
-

1.5 Réimsí Feidhme Údarás Áitiúla Dhún na nGall

- Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Foirgníochta
- Seirbhísí Bóithre agus Iompair
- Seirbhísí Uisce, Timpeallachta agus Éigeandála
- Seirbhísí Corparáideacha
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
- Pobal, Fiontar agus Seirbhísí Cultúrtha
- Airgeadas

1.6 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo

Gach oifig de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar fud Chontae Dhún na nGall

Oifigí Chomhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh

Oifigí Chomhairle Baile Bhun Dobhráin

Oifigí Chomhairle Baile Leitir Ceanainn

Oifigí Chomhairle Baile Bhun Cranncha

1.7 Scéim Teanga sa Reachtaíocht

Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla dualgas ar chomhlachtaí poiblí scéim a ullmhú a leagfaidh síos na seirbhísí atá i gceist acu a sholáthar

- trí mheán na Gaeilge amháin
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na céimeanna atá i gceist a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge á soláthar sa teanga sin amach anseo taobh istigh d'amscála atá le haontú.

Cuireann *Alt 13* dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú

- go bhfuil go leor foirne acu atá inniúil sa Ghaeilge
- go mbeidh freastal á dhéanamh ar riachtanais áirithe Gaeilge a bhaineann le seirbhísí a sholáthar sa Ghaeltacht
- go mbeidh an Ghaeilge *mar theanga oibre ina gcuid oifigí atá lonnaithe sa Ghaeltacht* laistigh de thréimhse ama a bheidh le haontú leis an Aire

1.8 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn faoin Chéad Scéim

Tá dul chun cinn suntasach déanta thar thréimhse na chéad scéime agus is dúshraith í seo ar a dtig linn tuilleadh forbairtí a thógáil i rith thréimhse na scéime seo agus scéimeanna eile amach anseo. Tá an dara scéim bunaithe ar an tuiscint go bhfuil gach ceann de na geallúintí sa chéad scéim curtha i bhfeidhm. Sa chás go bhfuil roinnt geallúintí sa chéad scéim sin nach bhfuil curtha i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill, tá siad siúd á bplé ag Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an cuspóir atá leis an dara Scéim seo ná leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm na ngeallúintí seo agus cur leis an dul chun cinn atá déanta ar fud na Comhairle thar thréimhse na Céad Scéime. Leagann sé amach coimhínt, thar ceann na Comhairle agus na mball foirne, le forbairt a dhéanamh ar an oiread seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge san am i láthair agus aithníonn sé réimsí a dhéanfar a fhorbairt san am atá romhainn. Cuireann an Scéim úr le prionsabail na Seirbhíse Ardcháilíochta do Chustaiméirí, agus leanfar de bheith ag cinntiú go gcuideofar le custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí a baineadh amach faoin Chéad Scéim:

- Feabhas suntasach ar sheirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht i dToghcheantar na nGleanntach trí thioncnaimh earcaíochta, lonnaíochta agus oiliúnt
- Méadú leanúnach suntasach i líon na gcustaiméirí a úsáideann an Ghaeilge in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith
- Is féidir leis na baill foirne sa Mhalartán/Oifig Fáilithe in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith glacadh le scairteanna i nGaeilge, agus is í an Ghaeilge an chéad teanga a úsáideann na baill foirne ag an Mhalartán/Oifig Fáilithe ar fhreagairt an ghutháin dóibh.
- Oiliúint fhorleathan sa Ghaeilge a chur ar fáil do líon suntasach ball foirne ar fud an chontae, ar a n-áirítear Teastas Eorpach na Gaeilge faoi choimirce Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Diplómaí sa Ghaeilge i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair agus Ollscoil Uladh, dianchúrsa in obair aistriúcháin do bhaill foirne atá líofa sa Ghaeilge cheana féin agus cúrsaí *Gaeleagras*.
- Bhunaigh an Chomhairle Coiste Logainmneacha, a bhfuil athruithe móra polasaí tugtha isteach aige maidir le forbairtí úra tithíochta ar fud an chontae a ainmniú, agus béim ar leith ar an Ghaeilge, ar an chultúr agus ar thraidisiúin.
- Suíomh idirlín dhátheangach a sholáthar do Chomhairle Contae Dhún na nGall.
- gach foirm iarratais a aistriú go Gaeilge don phobal.
- 102 Lán-Scoláireacht Ghaeltachta san iomlán a chur ar fáil do dhaoine óga i gContae Dhún na nGall, i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh
- iniúchadh ar na baill foirne le cumas Gaeilge na heagraíochta a mheas, agus le baill foirne atá inniúil ar an Ghaeilge a aithint
- An Ghaeilge ina cuid dhílis den phróiseas earcaíochta do phoist ar leith in oifigí ar leith
- Glacadh páirt in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, ar a n-áirítear imeachtaí Leabharlainne, drámaíocht, oícheanta sóisialta srl.
- An córas aistriúcháin chomhuainigh in úsáid ag gach cruinniú de chuid Choiste na nOileán, agus i roinnt toirbhirtí os comhair na gComhairlí Baile, agus ag roinnt comhdhálacha a d'eagraigh eagraíochtaí pobail eile sa chontae. Ceannaíodh córas úr ardchaighdeánach don Ionad Seirbhísí Pobail ar an Chlochán Liath i 2007.
- Lean Coiste Gaeilge na mBall Tofa ar aghaidh lena chuid oibre i rith na tréimhse seo, ar a raibh 8 ball ó Chomhairle Contae Dhún na nGall. Sa bhliain 2008, méadaíodh an líon ball nuair a cuireadh ball tofa amháin ó gach ceann de na Comhairlí Baile ar an choiste. Lena chois sin, reáchtáladh lá oiliúna agus eolais do Chomhairleoirí (Contae agus Baile) i mí Dheireadh Fómhair, 2007.

- Bhí Rannóg Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall páirteach go mór i dtionscnaimh le mór-imeachtaí ar nós Oireachtas na Gaeilge, Fleadh Cheoil na hÉireann, agus An Fhéile Phan-Cheilteach a mhealladh isteach chuig bailte móra sa chontae nach raibh imeachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta den chineál seo iontu ariamh.
- Leagadh síos polasaithe i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012 le tacú leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht sa chontae.
- Níos mó dhátheangachais ar chomharthaí, ar cháipéisí, ar bhileogaí eolais, ar phreas-ráitis srl.

Mar sin féin, aithníonn Údarás Áitiúla Dhún na nGall go bhfuil raon seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge go fóill, agus fáiltimid roimh an deis seo sa dara scéim lenár seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú.

Cuid 2

Achoimre ar Sheirbhísí a chuireann Údaráis Áitiúla Dhún na nGall ar fáil

Is é atá sa chaibidil seo ná forléagas ar na seirbhísí a chuireann Údaráis Áitiúla Dhún na nGall ar fáil.

2.1 Seirbhísí Corparáideacha

Is iad na príomhsheirbhísí a chuireann Stiúirthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ná acmhainní daonna, tacaíocht le feidhmiú na Comhairle Tofa, córais faisnéise, forbairt na Gaeilge, vótaíocht agus toghcháin, agus Saoráil Faisnéise.

2.2 Pobal, Fiontraíocht agus Seirbhísí Cultúrtha

Tá dhá Rannóg sa Stiúirthóireacht Pobail, Cultúir agus Fiontraíochta – An Rannóg Pobail agus Fiontraíochta, agus Rannóg na Seirbhísí Cultúrtha. Bunaíodh an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta mar chuid de Chomhairle Contae Dhún na nGall mar gheall ar a ról leathnaithe maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn sa chontae. Tá Rannóg na Seirbhísí Cultúrtha freagrach as seirbhísí Leabharlainne, Ealaíne, Cartlainne, Iarsmalainne agus Oidhreachta a sholáthar ar fud an chontae.

2.3 Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta

Is é an mórchuspóir atá ag an Stiúirthóireacht Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta taobh istigh de Chomhairle Chontae Dhún na nGall ná “straitéisí agus polasaithe a fhoirmliú agus a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú agus forbairt spásúil an chontae mar bheart chumasaithe i dtreo na forbartha inbhuanaithe.” I measc phríomhghníomhaíochtaí na stiúirthóireachta, tá iarratais phleanála a phróiseáil, coinníollacha pleanána a chur i bhfeidhm agus pleananna forbartha a ullmhú don contae agus do cheantair áitiúla.

2.4 Uisce, Timpeallacht agus Seirbhísí Éigeandála

-
- Is iad na rólanna agus na dualgais atá ar an Rannóg Seirbhísí Uisce ná uisce a sholáthar do thithe sa chontae trí scéimeanna éagsúla, foinsí soláthair uisce atá díothach a uasghrádú, an leibhéal cailliúna uisce a laghdú, fuíolluisce a chóireáil agus a dhiúscairt, agus áiseanna fuíolluisce a chur ar fáil. Tá an Rannóg Timpeallachta freagrach as dramhaíl sholadach bhardais a bhailiú, a dhiúscairt agus a athchúrsáil, as truailliú bruscair, as trána Brat Gorm agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce sa timpeallacht uiscí, agus as an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú. Tá na Seirbhísí Éigeandála freagrach as seirbhísí cosanta agus costha dóiteáin - atá nua-aimseartha agus éifeachtach - sa chontae, as pleanáil fá choinne mór-eachtraí éigeandála, chomh maith le Cosaint Shibhialta Dhún na nGall agus sábháilteacht uisce.

2.5 Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Foirgníochta

Is é príomhchuspóir Chomhairle Chontae Dhún na nGall sa réimse seo ná “tacú le, agus éascaíocht a dhéanamh, maidir leis an chaighdeán cóiríochta is fearr a fheastlaíonn ar a riachtanais agus ar a mianta, a sholáthar do mhuintir Chontae Dhún na nGall.” Tá sé de chuspóir ag an Chomhairle go mbeadh áit chónaithe d’ardchaighdeán ar chostas réasúnta ag gach líon tí, a bheadh ag fóirstean dá riachtanais, agus a rogha tionachta a bheith acu. Is iad príomhghníomhaíochtaí na seirbhíse seo ná pleananna gnímh tithíochta a chur i bhfeidhm, liostaí feithimh a laghdú, stoc tithíochta na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil, deireadh a chur le heaspa dídine, cóiríocht don Lucht Siúil agus d’iarrthóirí tearmainn agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos.

2.6 Seirbhísí Bóithre agus Iompair

- Tá na Seirbhísí Bóithre agus Iompair freagrach as bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta ar fud Chontae Dhún na nGall a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú. Bíonn an tseirbhís ag plé le hoibreacha a bhaineann le hInfrastruchtúr Muirí agus Sábháilteacht Bhóthair chomh maith. Is é an mórchuspóir atá ag an tseirbhís ná seirbhísí rochtana atá sábháilte agus cuimsitheach a sholáthar sa chontae, le freastal ar na riachtanais a mheastar atá acu siúd a bhfuil cónaí orthu sa chontae, a oibríonn sa chontae nó a thugann cuairt ar an chontae.

▪

2.7 Airgeadas

- Is iad na feidhmeanna atá ag an tSeirbhís Airgeadais ná ár bhfreagrachtaí reachtúla cuntasaíochta a chomhlíonadh gach bliain, an buiséad bliantúil a ullmhú, bainistiú airgid, iniúchadh inmheánach, agus córais bhainistíochta airgeadais na heagraíochta.

2.8 Na Comhairlí Baile

Is iad na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann na Comhairlí Baile i Leitir Ceanainn, i mBun Cranncha agus i mBun Dobhráin ná tithíocht, bóithre, forbairt agus cothú baile, glanadh sráideanna, agus soláthar fóillíochta agus taitneamhachta.

Tá feidhmeanna níos teoranta ag Comhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh, ar a n-áirítear cothabháil tithíochta, na hEalaíona agus nithe éagsúla eile.

2.9 Príomh-mhodhanna Cumarsáide scríofa leis an Phobal

Is iad seo a leanas na príomh-mhodhanna cumarsáide scríofa a bhíonn againn lenár gcustaiméirí; bróisiúir agus bileoga eolais, foirmeacha iarratais, foilseacháin, preas-ráitis, suímh idirlín, fógraí, miontuairiscí cruinnithe agus tuarascálacha.

Cuid 3

Cur Síos ar na Seirbhísí atá ar fáil sa dá Theanga Oifigiúla san am i láthair.

3.1 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i nGaeilge

- Seo a leanas na seirbhísí atá á gcur ar fáil go príomha trí Ghaeilge agus leanfar leis seo i rith thréimhse na scéime seo.
-
- Pobal agus Fiontraíocht (Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith)
- Stáisiún Dóiteáin Ghaoth Dobhair
- Oifig Forbartha Gaeilge (Ceannáras i Leifear)
- Cogar: Pobal le Gaeilge (Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn)
- Leabharlann Pobail Ghaoth Dobhair
- Leabharlann Pobail an Chlocháin Léith

3.2 Seirbhísí ag feidhmiú go Dátheangach

-
- Seo a leanas na seirbhísí atá á gcur ar fáil go príomha trí Ghaeilge agus leanfar leis seo i rith thréimhse na scéime seo.
- Mótarcháin / Ceadúnú Tiomána (ISP an Chlocháin Léith)
- Seirbhís Chustaiméara ag an Oifig Fáiltithe (ISP an Chlocháin Léith)
- Coiste na nOileán (ISP an Chlocháin Léith)
- An Coiste Toghcheantair (Na Gleannta)
- Rannóg Pleanála (ISP ar an Chlochán Liath & i mBaile na nGallóglach)
- Fiosrúcháin Ghinearálta Phleanála (Ceannáras i Leifear)
- Rannóg na mBóithre agus Iompair (ISP an Chlocháin Léith)
- Cigireacht Uisce (Paróiste Ghaoth Dobhair)
- Grúpscéimeanna Uisce / Deontais Toibreacha / Tionscadail Chaipitil (Ceannáras i Leifear)
- Oifigeach Ealaíne

3.3 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i mBéarla¹

- Deontais Ardoideachais (Ceannáras i Leifear)

¹ Tá roinnt ball foirne sna seirbhísí atá luaite in 4.3 ag foghlaim na Gaeilge tríd an chóras Teastas Eorpach na Gaeilge, agus tá siad toilteanach an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid agus iad ag seachadadh seirbhísí don phobal.

- Córais Faisnéise (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Acmhainní Daonna (Ceannáras i Leifear)
- Oifig an Bhainisteora Chontae (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Fáilithe / Malartán (Ceannáras i Leifear)
- Clár na dToghthóirí (Ceannáras i Leifear)
- Saoráil Faisnéise (Ceannáras i Leifear)
- Cruinnithe na Comhairle (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Rúnaíochta Contae (Ceannáras i Leifear)
- Seirbhísí Airgeadais
- Iarsmalann an Chontae
- Leabharlann Contae
- Seirbhís Cartlainne Contae
- Comhairlí Baile
- Gach seirbhís eile nach bhfuil luaite in 3.1 agus 3.2 thuas

Cuid 4

Seirbhísí Dhátheangacha a fheabhsú

4.1 Treoirphrionsabail

Creideann Údaráis Áitiúla Dhún na nGall

- go bhfuil sé de cheart ag daoine aon cheann den dá theanga oifigiúla a úsáid
- gur féidir le duine a chuid riachtanas a chur in iúl níos éifeachtaí sa teanga a roghnaíonn sé nó sí.
- gur dea-chleachtas é rogha teanga a thabhairt do dhaoine agus iad ag úsáid seirbhísí údaráis áitiúil, agus go mbíonn toradh níos fearr ó thaobh ardchaighdeán na seirbhíse de.
- go bhfuil éacht stairiúil déanta ag muintir na Gaeltachta i dTír Chonail an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga phobail leis na cianta.
- go bhfuil dualgas orainn cúram a dhéanamh, agus tacaíocht a thabhairt, le go leanfaí an Ghaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus go ndéanfaí í a fhorbairt.
- agus tá rún daingean ag Údaráis Áitiúla Dhún na nGall chomh maith íomhá chorpáraideach a fhorbairt ina mbeidh an dátheangachas mar chuid dár seirbhísí uilig.

4.2 Cúlra agus Comhthéacs

Mar a míníodh i gCaibidil 5.2 dár gCéad Scéim tá Údaráis Áitiúla Dhún na nGall i ndiaidh dul fríd thréimhse d'athruithe móra, ag cur i bhfeidhm Rialtas Áitiúil Níos Fearr, ag cur i bhfeidhm athruithe móra sa dóigh a ndéantar ár gcuid seirbhísí a sheachadadh, agus ag cur ar fáil seirbhísí a bhfuil teacht níos éasca ag ár gcustaiméirí orthu ó Ionaid Seirbhísí Pobail i gceantracha aitiúla. Tá leibhéal éagsúla Gaeilge ag na baille foirne atá lonnaithe in achan cheann de na hIonaid Seirbhísí Pobail, An Clochán Liath san áireamh, agus tá sé seo ina dhúshlán mór ag an Chomhairle maidir lena cuspóir chun seirbhís dhátheangach d'ardchaighdeán, duine le duine, a sholáthar.

4.3 Feabhas ar sheirbhísí ó oifigí éagsúla

4.3.1 Gach Oifig

Sa bhliain dheireanach den scéim dheireanach, ullmhaíodh dréacht-cháipéis chomhairliúcháin, ag cur síos ar na ceistanna foirne a bhfuiltear le tabhairt faoi, agus tá an cháipéis seo á meas ag an Rannóg Acmhainní Daonna san am i láthair. Tá sé de chuspóir againn go mbeidh an cháipéis seo ina dúthshraith ar a n-ullmhófár dréachtpholasaithe lena dtig linn dul i gcomhairle le baille foirne agus eagraíochtaí ionadaíocha chun tabhairt faoi na cuspóirí atá sa Scéim seo a chur i bhfeidhm. I measc na bpolasaithe seo, beidh tionscnaimh maidir le:

Earcaíocht agus Lonnú Foirne

Déanfaidh na hÚdaráis, i gcomhar, nuair is cuí, le Seirbhís na gCeapachán Poiblí, agus trí phróiseas comhairliúcháin le baill foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, polasaithe earcaíochta agus lonnaithe foirne a athbhreithniú, agus é de chuspóir líon leordhóthanach foirne a earcú a bheas in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, agus maidir leis sin:

- Leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall de bheith ag aithint postanna ina mbeidh cumas Gaeilge riachtanach (idir scríofa agus labhartha) ar fud na heagraíochta, agus béim ar leith ar phostanna in oifigí a fhreastlaíonn ar, nó atá lonnaithe sa Ghaeltacht.
- Aontófar socruithe leasaithe le heagraíochtaí ionadaíocha foirne, agus é mar chuspóir a chinntiú go gcuirfear cumas Gaeilge san áireamh in aon lonnú/athlonnú foirne chuig oifigí a fhreastlaíonn ar cheantracha Gaeltachta.
- Leanfaidh na hÚdaráis ag comhoibriú le, agus ag lorg tacaíochta na mball foirne sin atá in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, thar réimsí seirbhísí ina bhféadfaí éileamh a bheith ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Lena gcead, cuirfear na baill foirne seo in aithne dár gcustaiméirí ar an suíomh idirlín, eolaí Gutháin, srl;

Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh na hÚdaráis lena gcoimítmint maidir le hoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil do gach ball foirne, sa dá theanga oifigiúla, le freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí agus le cur ar chumas ár mball foirne barr feabhais a bhaint amach ina saol gairme.

Déanfaidh na hÚdaráis:-

- Tacú go leanúnach le cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do bhaill foirne, i rith uaireanta oibre agus ina ndiaidh, trí Scéim Oideachais na mBall Foirne, mar chuid chomhtháite de phríomhphlean oiliúna na nÚdarás.
- Réimse cúrsaí a chur ar fáil, nuair is cuí, trí mheán na Gaeilge do bhaill foirne atá líofa sa Ghaeilge cheana féin (ms, aistriúchán comhuaineach, scileanna do meáin chumarsáide, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, scileanna gramadaí agus scileanna scríofa litreacha srl)
- Cuirfear ábhar foghlamtha agus áiseanna teanga ar fáil do bhaill foirne (foclóirí, bogearraí ríomhaireachta, foilseacháin srl) le forbairt agus seachadadh na seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar gach cúrsa, cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí trí mheán na Gaeilge araon, lena mheas cé chomh héifeachtach is atá siad maidir le cuspóirí na nÚdarás Áitiúil.
- Beidh feasacht teanga mar chuid de chúrsaí Ionduchtaithe agus Cúram Custaiméara araon, lena chinntiú:
- Go dtuigeann baill foirne an fáth atá le polasaí dhátheangach na nÚdarás Áitiúil
- Go dtuigeann na baill foirne comhthéacs agus cúlra an pholasaí
- Go mbeidh eolas maith ag baill foirne ar an tionchar a bheas ag an pholasaí ar a gcuid oibre

- Go mbeidh tuiscint bháúil ag baill foirne maidir le riachtanais agus buairimh ár gcustaiméirí a labhraíonn an Ghaeilge.
- Scrúdóidh na hÚdaráis Áitiúla meicníochtaí eile (ms scéimeanna gradaim) le seirbhísí trí Ghaeilge a spreagadh agus a chothú i measc na mball foirne, agus le haitheantas a thabhairt do bhaill foirne.
- Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill tofa atá ag iarraidh cur lena gcumas sa Ghaeilge agus atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid.

4.3.2 Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith

Ag cur san áireamh na ndualgas reachtúil atá orainn, chomh maith le geallúint dearbhaithe Chomhairle Contae Dhún na nGall sa Chéad Scéim Teanga, an Ghaeilge a bheith mar theanga oibre in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith faoin bhliain 2020, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar leis an fhoireann agus eagraíochtaí ionadaíocha na mball foirne, polasaithe agus straitéisí (féach 4.3.1 thuas) a fhorbairt leis an chuspóir sin a bhaint amach.

4.3.3 Oifigí agus Seirbhísí eile lonnaithe sa Ghaeltacht

Tá roinnt seirbhísí eile de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall suite sa Ghaeltacht, ar a n-áirítear seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí dóiteáin. Is í an Ghaeilge príomhtheanga oibre na leabharlann pobail i nGaoth Dobhair agus ar an Chlochán Liath, agus sa Stáisiún Dóiteáin i nGaoth Dobhair. Cuirfear tacaíocht ar fáil le go leanfar leis seo i rith na scéime seo.

Leanfaidh an Chomhairle, i gcomhpháirt le baill foirne agus le heagraíochtaí ionadaíochta foirne, de bheith ag forbairt polasaithe agus straitéisí (Féach Cuid 4.3.1 thuas) lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre sna hionaid seirbhíse uilig sa Ghaeltacht faoin bhliain 2020, ar a n-áirítear na stáisiúin dóiteáin ar an Chlochán Liath, i nGleann Cholm Cille agus ar an Fhál Carrach.

4.3.4 Oifigí agus Seirbhísí eile taobh amuigh den Ghaeltacht

- Taobh istigh de thréimhse na scéime seo, trí earcaíocht, uas-sciliú nó athlonnú, agus i gcomhairle le baill foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, déanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall a chinntiú:
-
- Go mbeidh ar a laghad beirt bhall foirne a bheas in ann seirbhísí údaráis áitiúla a chur ar fáil trí Ghaeilge don phobal ó gach Ionad Seirbhísí Pobail atá suite taobh amuigh de cheantar Gaeltachta ach atá ag freastal ar cheantar Gaeltachta, mar atá Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile Dhún na nGall agus Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn (nó cibé Ionad Seirbhísí Pobail atá mar phríomhphointe seirbhíse do sheancheantar toghcháin Bhaile na nGallóglach, atá mar chuid de Thoghcheantar Leitir Ceanainn anois);
- Go mbeidh ar a laghad ball foirne amháin in ann seirbhísí údaráis áitiúla a chur ar fáil trí Ghaeilge ó gach ceann de na hIonaid Seirbhísí Pobail nach bhfuil ag freastal ar cheantar Gaeltachta, mar atá Ionad Seirbhísí Pobail Charn Domhnach. Beidh ball foirne amháin, ar a

laghad, in ann seirbhísí údaráis áitiúla a chur ar fáil ón phríomhoifig atá ag freastal ar thoghcheantar Shrath an Urláir, is é sin Ceannáras an Chontae i Leifear san am i láthair.

- Go hiondúil, is foireann bheag a bhíonn ar fáil ag na Comhairlí Baile, an chuid is mó acu ina mBéarlóirí, agus ar an ábhar sin bíonn sé ina dhúshlán againn seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Mar sin féin, leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag comhoibriú leis na Comhairlí Baile le seirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt. Cuirfear oiliúint bhreise ar fáil do na baill foirne agus do na comhaltaí tofa.

4.4 Córais Faisnéise

Déanfaidh na hÚdaráis:

- A chinntiú go leanfar leis an obair chun suíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall a choinneáil go hiomlán dhátheangach, ó thaobh oibriú an tsuimh agus ó thaobh ábhair de.
- a chinntiú go mbeidh aon ábhar buan ar aon suíomh idirlín úr a fhorbróidh Comhairle Contae Dhún na nGall, nó a fhorbrófar ar a son agus atá faoi smacht díreach na Comhairle, go mbeidh sin ar fáil go dátheangach.
- Leanúint lenár bpolasaí seirbhísí i nGaeilge ó rannóga éagsúla a phoibliú dár gcustaiméirí ar an suíomh idirlín trí shonraí teagmhála a liostáil. Tá sé i gceist an liosta seo a choinneáil suas chun dáta ar bhonn leanúnach, de réir mar a bhunaítear seirbhísí úra. Beidh sé de thionchar breise leis sin go spreagfar muinín an phobail go bhfuil seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge agus tiocfaidh an t-éileamh foluiteach sin atá ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge chun cinn.
- Leathanach idirlín na Gaeilge ar shuíomh Chomhairle Contae Dhún na nGall a chothabháil agus a fhorbairt mar áis Ghaeilge don phobal. Déanfar an leathanach Gaeilge a shuiteáil agus a fhorbairt ar shuíomh idirlín na gComhairlí Baile chomh maith.
- Cuirfear rannóg Gaeilge ar fáil ar gach suíomh idirlín de chuid na gComhairlí Baile (Meitheamh 2011).
- Leanúint le húsáid an chórais inlíne mar áis leis an dátheangachas a chur chun cinn i measc na mball foirne: mar shampla, litriú ceart ar logainmneacha, cuidiú le litreacha a scríobh, abairtí d'fháilteoirí, teidil na bpost agus na rannóg sna hÚdaráis Áitiúla, óráidí foirmeálta srl.
- Scrúdófar bealaí le húsáid bogearraí aistriúcháin a leathnú ar fud na heagraíochta.
- Beidh aon chóras nua ríomhaireachta a shuiteálfar ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil, ach iad a bheith ar fáil.
- Déanfar gach córas ríomhaireachta atá ann cheana féin, nuair is gá, a chur in oiriúint don Ghaeilge i comhar leis an chéad obair uasghrádaithe nó cothabhála eile a bheidh pleanáilte.
- Caithfear aon seirbhís úr idirghníomhacha a chuirfidh ar chumas an phobail iarratais a dhéanamh nó liúntais a fháil ar líne a thabhairt isteach go comhuaineach sa dá theanga, ach iad a bheith ar fáil.
- a chinntiú go mbeidh aon chórais nua ríomhaire a shuiteálfar ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil agus go ndéanfar córais atá ann, nuair is gá, oiriúnach i gcomhar leis an chéad obair uasghrádaithe nó cothabhála eile a bheidh beartaithe.

- Cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtógfar ceist chumas na bpacáistí ríomhaireachta thuasluaite an Ghaeilge a láimhseáil sna chéad teagmhálacha le comhlachtaí, daoine comhairleacha srl, agus in aon teagmháil ina dhiaidh sin.
- Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall seirbhís eislin ar fáil dár gcomhaltaí tofa. Déanfaidh an Chomhairle scrúdú ar dhóigheanna éagsúla ina dtig linn an tseirbhís seo a úsáid ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc Comhairleoirí, ms., abairtí i nGaeilge, eolas ar sheirbhísí agus ar imeachtaí i nGaeilge.

4.5 Foirmeacha Iarratais

Leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall dá pholasaí rogha a thabhairt do gach custaiméir i gcónaí foirmeacha iarratais agus na doiciméid a ghabhann leo a fháil ina rogha teanga oifigiúil. Dá bhrí sin, is é polasaí na nÚdarás Áitiúil a chinntiú go gcuirtear gach foirm iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar an suíomh idirlín s’againne, agus go leanfar leis an chleachtas seo.

Sa chéad bhliain den scéim seo, aithneoidh na hÚdaráis Áitiúla foirmeacha iarratais agus doiciméid ábhartha a thig a chur faoin aon chlúdach amháin. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh foirmeacha den chineál seo, agus na doiciméid a ghabhann leo, ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoin aon chlúdach amháin roimh dheireadh na scéime seo.

Sa chás go gcuirfeadh foirmeacha iarratais agus na doiciméid a ghabhann leo ar fáil ar leaganacha scartha i nGaeilge agus i mBéarla, cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtabharfar an tábhacht chéanna don dá leagan in achan ionad poiblí agus go mbeidh sé chomh furasta céanna teacht ar an leagan Gaeilge agus atá sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfeadh in iúl do chustaiméirí, ar dhóigh ghníomhach, go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil trí ráiteas fóirsteanach a chur ar an leagan Béarla den doiciméad, agus ar dhóigheanna eile a shíleann an Chomhairle a bheith fóirsteanach.

4.6 Polasaí Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann na hÚdaráis Áitiúla an chuid is mó dá gcruinnithe poiblí i mBéarla amháin.

San am i láthair, reáchtáiltear cruinnithe Choiste na Gaeilge, Ghrúpa Earnála na Gaeilge agus Cogar: Pobal le Gaeilge trí mheán na Gaeilge amháin. Úsáidtear an córas aistriúcháin chomhuainigh ag roinnt cruinnithe de chuid Choiste na Gaeilge.

Bíonn an córas aistriúcháin chomhuainigh ar fáil ag gach cruinniú de chuid Choiste na nOileán in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith, agus cuirtear na miontuairiscí ar fáil go dátheangach. Leanfar leis seo i rith thréimhse na Scéime seo.

I rith thréimhse na chéad scéime, úsáideadh an córas aistriúcháin ag roinnt cruinnithe poiblí, ar bhonn trialach. Tá sé i gceist úsáid an chórais aistriúcháin chomhuainigh a leathnú thar thréimhse na scéime seo chuig cruinnithe poiblí sa Ghaeltacht.

Féachfar leis an chóras aistriúcháin a úsáid ag cruinnithe inmheánacha i measc ball foirne le deis a thabhairt do bhaill foirne ar cainteoirí Gaeilge iad scileanna aistriúcháin chomhuainigh a fhorbairt i gcomhthéacs sábháilte trialach.

Beidh córas aistriúcháin chomhuainigh Chomhairle Contae Dhún na nGall ar fáil, ar iarratas, d’eagraíochtaí pobail.

Is é tuairim Chomhairle Contae Dhún na nGall nach bhfuil an córas aistriúcháin soghluaiste ag fóirstean, nó nach bhfuil Seomra Cruinnithe na Comhairle Contae ag fóirstean, ó thaobh spáis agus leagan amach de, chun seirbhís ardchaighdeán aistriúcháin a chur ar fáil sa chomhthéacs áirithe sin. Nuair a dhéanfar an Ceannáras Corparáideach a fhorbairt go fisiciúil amach anseo, cuirfear an gá atá le córas aistriúcháin chomhuainigh san áireamh mar chuid den obair phleanála.

4.7 Seirbhísí ar an Ghuthán agus Fógairtí Béil

Is é/í an fáilteoir/oibritheoir malartáin an chéad pointe teagmhála a bhíonn leis an phobal. De réir na ngeallúintí a tugadh sa chéad scéim, cinnteoidh Údarás Áitiúla Dhún na nGall

- go gcoinnítear seirbhís tiomnaithe fáiltithe ghutháin sa Ghaeilge, le go mbeidh cainteoirí Gaeilge ar fud an chontae in ann seirbhísí Údarás Áitiúla a lorg sa Ghaeilge, agus go mbeidh an chéad teagmháil leis an Údarás Áitiúil go hiomlán i nGaeilge
- go bhfuil sé de lánchumas ag na fáilteoirí / oibritheoirí malartáin in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Liath plé i nGaeilge le cainteoirí líofa Gaeilge.
- go dtabharfaidh foireann an fháiltithe i ngach oifig ainm na heagraíochta/na rannóige i nGaeilge, agus
- go mbeidh cleachtadh acu ar a laghad ar na bunbheannachtaí i nGaeilge, agus socrúithe oiriúnacha i bhfeidhm le go mbeidh siad in ann custaiméirí a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bhítear a lorg trí Ghaeilge.

4.8 Na Meáin Chumarsáide / Preas-Ráitis

Aithneofar tuilleadh baill foirne údaraithe i ngach Seirbhís, nuair a bhítear ar fáil, le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge, go háirithe Ráidíó na Gaeltachta agus TG4.

Eiseoidh Comhairle Contae Dhún na nGall gach preas-ráiteas i nGaeilge amháin, nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Eiseoidh na Comhairlí Baile Preas-Ráitis Dhátheangacha nuair a bhaineann an t-ábhar leis an phobal Gaeilge agus le himeachtaí Gaeilge taobh istigh dá ndlínse féin.

4.9 Bróisiúir agus Bileoga Eolais

Leanfaidh Údarás Áitiúla Dhún na nGall dá pholasaí rogha a thabhairt do gach custaiméir i gcónaí bileoga eolais agus bróisiúir a fháil ina rogha teanga oifigiúil. Dá bhrí sin, is é polasaí na nÚdarás Áitiúil a chinntiú go gcuirtear gach bileog eolais agus bróisiúir ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar an suíomh idirlín s’againne, agus go leanfar leis an chleachtas seo.

Sa chéad bhliain den scéim seo, aithneoidh na hÚdarás Áitiúla bileoga eolais agus bróisiúir áirithe a thig a chur faoin aon chlúdach amháin. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh bileoga eolais agus bróisiúir den chineál seo ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoin aon chlúdach amháin roimh dheireadh na scéime seo.

Sa chás go gcuirfear bileoga eolais agus bróisiúir ar fáil ar leaganacha scartha i nGaeilge agus i mBéarla, cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtabharfar an tábhacht chéanna don dá leagan in achan ionad poiblí agus go mbeidh sé chomh furasta céanna teacht ar an leagan Gaeilge agus atá sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfear in iúl do chustaiméirí, ar dhóigh ghníomhach, go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil trí ráiteas fóirsteanach a chur ar an leagan Béarla den doiciméad, agus ar dhóigheanna eile a shíleann an Chomhairle a bheith fóirsteanach.

Beidh doiciméid a bhaineann leis an Ghaeltacht i nGaeilge amháin, nó sa dá theanga.

Beidh doiciméid theicniúla i mBéarla amháin, ach amháin nuair a mheastar go mbeadh suim fhorleathan i measc an phobail ar a leithéid, nó nuair a bheadh tábhacht logánta leo, agus sa chás sin cuirfear leagan dhátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil.

4.10 Logainmneacha

Sa bhreis ar na riachtanais reachtúla faoin Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004, leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall de bheith ag cur chun cinn úsáid na leaganacha Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta thar réimsí oibre agus gníomhaíochtaí nach bhfuil leagtha síos go sonrach san Ordú (ms bunachair shonraí, post, srl)

Leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall de bheith ag spreagadh na foirne le húsáid níos mó a bhaint as leaganacha Gaeilge de logainmneacha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Bhunaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Coiste Logainmneacha i 2004. I measc théarmaí tagartha an Choiste, tá cur chun cinn úsáid na Gaeilge, na hoidhreacht agus an chultúir i roghnú ainmneacha d'fhorbairtí tithíochta, sráideanna srl. Leanfar den obair seo i rith an dara scéime.

4.11 Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall ag cur i bhfeidhm gach foráil i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2006-2012 maidir leis an Ghaeltacht agus an Ghaeilge.

4.12 An Straitéis

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall, tríd an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta, ag comhoibriú le heagrais eile ar Bhord Forbartha Contae Dhún na nGall, le haidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise 2002-2012 a chur chun cinn, de réir mar a bhaineann siad le caomhnú agus le cothú na Gaeilge i gContae Dhún na nGall.

4.13 Beartais Chothaithe Éagsúla

Seo a leanas roinnt gníomhartha breise a dhéanfaidh na hÚdaráis a chur ar fáil / a fhorbairt thar thréimhse na scéime:

- Leanfar leis an Scéim Scoláireachta, i gcomhar le Coláistí Gaeltachta sa chontae

- Leanfar le páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge (ms imeachtaí/taispeántais sna seirbhísí leabharlainne)
- Tacaíocht leanúnach, nó a bheith páirteach in, imeachtaí Gaeilge i gContae Dhún na nGall (an tOireachtas, An Baile Beo srl)
- Urraíocht ar dhuais Ghlór na nGael don choiste pobail áitiúil is mó a chuireann ár gcuid seirbhísí Gaeilge chun cinn i measc an phobail.
- Scéim Fáinne a fhorbairt i measc ball foirne, sa dóigh is go mbeidh sé furasta don phobal, agus do bhaill foirne eile, a fheiceáil gur cainteoirí Gaeilge iad.
- Imeachtaí sóisialta Gaeilge a réachtáil do bhaill foirne tríd an Chumann Sóisialta, chomh maith le maidneacha caife agus lóin Ghaeilge.
- Ábhar suntasach Gaeilge a bheith in aon nuachtlitir de chuid na foirne: m.s., Grapevine.
- Nuair a chuirtear seirbhís i nGaeilge ar fáil, déantar iarracht níos fearr lena chur in iúl don phobal cén tseirbhís go díreach atá ar fáil, cén áit, agus an duine a chuireann an tseirbhís ar fáil.
- Nuair a bhíonn baint ag na húdaráis áitiúla in eagrú féilte ar fud an chontae (ms., Féile an Eargail, Féile na gCruach Gorm, Bealtaine, Weanfest srl), leanfaimid de bheith ag spreagadh úsáid na Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge mar chuid de na féilte seo.
- Tabharfaidh na húdaráis áitiúla aird ar riachtanais teanga ár gcuid Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta in aon imeachtaí agus chomórtais. Tá sé i gceist againn dul i gcomhairle leis An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta maidir leis an dóigh le dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo, thar thréimhse na scéime seo.
- Ós rud é go bhfuil obair thábhachtach ar siúl ag roinnt eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla, agus ag áisíneachtaí eile atá bainteach le cothú agus caomhnú na Gaeilge, tá sé i gceist ag Údaráis Áitiúla Dhún na nGall dul i gcomhairle go minic leis na háisíneachtaí seo i rith thréimhse na scéime seo, le scrúdú a dhéanamh ar aon bhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chomhoibriú breise.

Cuid 5

Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

5.1 An Ard-Bhainistíocht

Nuair a aontófar an scéim seo, is í an Ard-Bhainistíocht atá freagrach as a cur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh uirthi. Aithneoidh gach Stiúrthóir na príomhchuspóirí tríd a ndéanfar dul chun cinn a mheas, agus cuirfear tuairisc bhliantúil a chur ar fáil ó gach stiúrthóireacht don Bhainisteoir Contae. Déanfaidh an Ard-Bhainistíocht oibriú éifeachtach na scéime a scrúdú go rialta, tríd na meicníochtaí atá leagtha síos anseo.

5.2 An Pobal agus na Comhaltaí Tofa

Beidh ról tábhachtach ag na comhaltaí tofa ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus ar na Comhairlí Baile, maidir le tacú leis an chur chuige atá leagtha amach sa Scéim seo. Beidh an phríomhfhreagracht as seo ar an Choiste cuí um Bheartais Straitéiseacha.

Beidh tuairisc ar dhul chun cinn na Scéime ar fáil don phobal agus do chomhaltaí tofa tríd an Tuarascáil Bhliantúil.

5.3 An Coiste Comhpháirtíochta Contae

Is iad an Coiste Comhpháirtíochta Contae agus na Coistí Comhpháirtíochta Ceantair an mheicníocht trína ndéanfar lánpháirtíocht na mball foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha a chinntiú i bhforbairt na Gaeilge taobh istigh den eagrais, agus i raon agus i gcaighdeán na seirbhísí chuig custaiméirí.

5.4 Oifigeach Forbartha na Gaeilge

Déanfaidh an tOifigeach Forbartha Gaeilge, chomh maith le tacaíocht speisialtóireachta a chur ar fáil do bhainisteoirí líne agus do bhaill foirne, déanfaidh sé an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na geoimitmintí sa scéim a athbhreithniú go rialta, agus tuairisc a thabhairt don Ard-Bhainistíocht.

Sa scéim dheireanach, rinne an Rannóg Chorparáideach / Ionad Seirbhísí Pobail cuid mhór oibre chun staitisticí a bhailiú maidir leis an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Leathnófar an taighde seo go dtí roinnt seirbhísí agus oifigí eile dár gcuid.

Féadfaidh na hÚdaráis gníomhartha forbartha eile nach bhfuil luaite sa scéim seo a thionscnamh.

Cuid 6

An Scéim Aontaithe a Phoibliú

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo ar na bealaí seo a leanas:-

- Preas-Ráiteas
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí
- Suímh idirlín na Comhairle Contae agus na gComhairlí Baile

Nuair a bheas sé de chumas ag Údaráis Áitiúla Dhún na nGall seirbhís úr a chur ar fáil i nGaeilge, déanfar poiblíocht ar an tseirbhís seo ar an suíomh idirlín, ar chomharthaí, nó ónár nIonaid Seirbhísí Pobail srl.

Lena chois sin, tapóidh na hÚdaráis Áitiúla gach deis agus iad ag plé lena gcuid custaiméirí ó lá go lá poiblíocht a thabhairt dá seirbhísí i nGaeilge, agus iad a chothú, trí a bheith

- ag cur in iúl go díreach, ar bhonn gníomhach, do chustaiméirí go bhfuil rogha acu plé leis na hÚdaráis Áitiúla i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur in airde san oifig fáiltithe ag tabhairt eolais faoi na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus trí iad seo a liostú ar shuímh idirlín na nÚdarás Áitiúil;
- fónótaí a chur ar threoirínte, ar bhileoga eolais agus ar fhoirmeacha iarratais ag cur in iúl go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge chomh maith (sa chás nach mbíonn an t-ábhar dhátheangach ar fáil san aon chlúdach amháin); agus
- nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ag cur in iúl go gcuireann na hÚdaráis Áitiúla seirbhísí ar fáil i nGaeilge, agus dá bhrí sin, go gcuirtear fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo plé linn i nGaeilge, de réir na ngeallúintí atá sa scéim seo.

Tá cóip den scéim seo curtha chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan **Béarla** den scéim seo an bunleagan.